

## **SAINCHUNTAS POIST COMHLAIGH**

**TEIDEAL AN PHOIST : Comhlach Gairmiúil**

**FREAGRACH DO : Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Oifigeach tarmligthe**

**RÁTA ÍOCAÍOCHTA : Ráta Laethúil Seasta (£200 in aghaidh an lae)**

---

### **Eolas faoin Eagraíocht**

Bunaíodh Comhairle na Gaelscolaíochta, CnaG, mar eagraíocht dheonach chun an Ghaelscolaíocht a fhorbairt, tacú léi agus í a chur chun cinn. Tá CnaG á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus tá sé ainmnithe mar Chomhlacht Neamhrannach Poiblí.

Freagraíonn CnaG d'éileamh ó thuismitheoirí ar an Ghaelscolaíocht agus tacaíonn sí le leasanna agus le forbairt earnáil na Gaelscolaíochta. Cuireann CnaG forbairt éiteas agus tacaíocht ar fáil do ghobharnóirí agus d'fhoireann na scoileanna in earnáil na Gaelscolaíochta. Féachann CnaG le bheith mar bhonn eolais faoi bheartas poiblí maidir le forbairt bhreise na hearnála agus tionchar a imirt air.

### **Príomhchuspóir an phoist**

Oibriú chun tacú leis an POF agus le foireann bhainistíochta shinsearach CnaG chun plean gnó CnaG a sheachadadh agus, i gcomhairle le bord stiúrthóirí CnaG, a coistí agus a hoifigh maidir le cúrsaí gairmiúla a bhaineann le forbairt na gaelscolaíochta; comhairle agus tacaíocht a thabhairt do ghobharnóirí, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí maidir le cúrsaí a bhaineann le Pleanáil Cheantarbhunaithe, forbairt éiteas agus réimsí ginearálta maidir le cur chun cinn agus forbairt.

Tabharfaidh na comhlaigh ghairmiúla tuairisc don POF nó don oifigeach forbartha sinsearach atá freagrach as na réimsí oibre ina bhféadfadh siad a bheith ag feidhmiú.

### **Príomhfhreagrachtaí**

Seo thíos na príomhréimsí ina mbeidh tacaíocht á lorg againn:

Tuairisceoidh na Comhlaigh Ghairmiúla i scríbhinn nó ó bhéal ar shaincheisteanna dar sannadh freagrachtaí sonracha dóibh.

- Teicniúil & Sainspéise/Saineolach e.g. bainistíocht tionscadail i bhfoirgníocht, pleanáil, suirbhéireacht nó réimsí gaolmhara.
- Pleanáil Cheantarbhunaithe
- Taighde agus Anailís Sonraí
- Polasaí agus Pleanáil Straitéiseach



- Ionadaíocht
- Tacaíocht Oideachais
- Na Meáin Shóisialta agus Margaíocht
- Seirbhísí Corparáideacha
- Sainchúraimí eile de réir mar a aithneoidh an eagraíocht iad

### **Forbairt Phearsanta**

Coinneoidh na Comhlaigh Ghairmiúla iad féin ar an eolas faoi fhorbairtí san oideachas agus déanfaidh siad measúnú ar na himpleachtaí don Ghaelscolaíocht.

### **Freagrachtaí ginearálta**

- Dul i mbun dualgais eile a chinnfear ó am go ham.
- Páirt a ghlacadh i meithleacha oibre de réir mar is gá.
- Cloí le Polasaí Comhdheiseanna CnaG.
- Cúram réasúnach a ghlacadh air féin/uirthi féin agus ar dhaoine eile agus iad ag obair maidir le cúrsaí a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht; comhoibriú le CnaG chun na ceanglais reachtúla Sláinte agus Sábháilteachta a chuirtear air a chomhlíonadh.
- Cloí le beartas slándála TF CnaG agus le haon nósanna imeachta réasúnacha a eascraíonn as.
- Cloí le polasaithe bainistithe do thaifid CnaG, go sonrach cosaint sonraí, agus le haon nósanna imeachta réasúnacha a eascraíonn astu.
- Tuairisciú i scríbhinn chuig an oifigeach coimisiúnaithe mura gcomhaontófar a mhalairt.